C/2025/4221

30.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12103 — OTPP / DONTE GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4221)

1. An 23 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ontario Teachers' Pension Plan Board ('OTPP', Ceanada); agus

— Global Mensa S.L. (an Spáinn).

Gheobhaidh OTPP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Global Mensa S.L., eintiteas sealbhaíochta Donte Group.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá OTPP páirteach i riar domhanda sochar pinsin agus in infheistíocht dhomhanda sócmhainní plean pinsin thar ceann múinteoirí gníomhacha agus múinteoirí ar scor in Ontario, Ceanada.

— Is ardán fiaclóireachta é Donte Group a oibríonn 426 chlinic fiaclóireachta sa Spáinn, agus ceann amháin sa Ríocht Aontaithe, agus bíonn sé ag feidhmiú fheidhmíonn ar fud ceithre bhranda: Vitaldent, Smysecret, Moonz, agus Maex (fiaclóireacht phéidiatraiceach agus ortódóntaic). Oibríonn Donte Group saotharlann próistéise fiaclóireachta freisin faoin mbranda Risum.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12103 – OTPP / DONTE GROUP

([1])) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË